# Comhairle Cathrach na Gaillimhe
# Polasaí Príobháideachais

Leagan 1.2 Eanáir 2025

# Clár an Ábhair


1.Réamhrá ..... 5
2.An scóip atá leis an bpolasaí seo ..... 7
3.An reachtaíocht & an fhaisnéis a bhaineann le hábhar ..... 7
4. An Reachtaíocht Thánaisteach ..... 7
5. Láithreáin Gréasáin Úsáideacha ..... 8
6. Fiosrúchán, ceisteanna nó comhairle ..... 8
7. Na téarmaí tábhachtacha faoin RGCS ..... 8
Sonraí pearsanta ..... 8
8. Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta ..... 9
9. Cúiseanna leis an bpróiseáil ..... 9
Airteagal 6(1) RGCS ..... 9
Airteagal 9(2) ..... 9
10. Próiseáil ..... 11
11. Láithreán Gréasáin maidir le heolas breise ..... 11
12. Modhanna ina mbailíonn CCG sonraí pearsanta ..... 11
13. Cineálacha sonraí pearsanta a ndéanann CCG próiseáil orthu ..... 12
14. Na cúiseanna leis na sonraí pearsanta thuas agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhailiú. ..... 12
15. Sonraí a aistriú go dtí an tríú páirtí ..... 13
Catagóirí speisialta sonraí pearsanta ..... 13
16. Sonraí pearsanta ..... 13
17. Aistriú taobh amuigh den LEE ..... 14
18. Tíortha nach tíortha den LEE iad agus Stóráil Sonraí ..... 14
19. Cearta an Ábhair Sonraí teacht ar Shonraí ..... 14
20. An Ceart Teacht ar do chuid Sonraí Pearsanta ..... 15
An ceart a bheith ar an eolas ..... 15
Ceartúchán/Cruinneas Sonraí ..... 15
Léirscriosadh/An Ceart Ligean i nDearmad ..... 15
An ceart chun iniomparthacht sonraí ..... 15
An ceart agóid a dhéanamh ..... 15
An ceart toiliú a tharraingt siar ..... 16
Cearta i ndáil le cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú ..... 16
An Ceart Gearán a dhéanamh ..... 16
Tréimhsí Coinneála/Laghdú Sonraí ..... 16
Sárú coinníollacha maidir le sonraí ..... 16
21. Ócáidí agus Imeachtaí ..... 17

22. Leanaí a fhreastalaíonn Ócáidí nó Imeachtaí de chuid CCG .................................... 17
23. Daoine fásta faoi mhíchumas .................................................................................... 17
24. Athbhreithniú ............................................................................................................ 18
Aguisín 1 ........................................................................................................................ 19
Aguisín 2(a) .................................................................................................................... 21
Foirm Toilteanais le Grianghrafadóireacht/ Meáin Chumarsáide (Daoine Fásta) ................. 21
Toiliú ............................................................................................................................. 21
Aguisín 2(b) .................................................................................................................... 23
Foirm Toilteanais le Grianghrafadóireacht/ Meáin Chumarsáide maidir le Leanaí ............... 23
Toiliú ............................................................................................................................. 24
Aguisín 2 (c)..................................................................................................................... 26
Toilteanas le Grianghrafadóireacht/ Meáin Chumarsáide faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) .......................................................................................................... 26
Toiliú ............................................................................................................................. 28

Noda Ceannlitreacha

| | |
|---|---|
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | CCG |
| An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí | RGCS |
| An Coimisiún um Chosaint Sonraí | CCS |
| An tOifigeach Cosanta Sonraí | OCS |
| Iarratas ar rochtain ó ábhar sonraí | IRÁS |
| An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch | LEE |
| Na hAchtanna um Chosaint Sonraí: | Na hAchtanna |
| Ionstraimí Reachtúla | I.R. |
| An Clár Cúnaimh Tithíochta | HAP |
| Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí | LED |
| Iarratas ar Rochtain ó Ábhar | IRÁ |
| An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | GBRÁ |
| An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch | LEE |

# 1. Réamhrá

Is údarás áitiúil Comhairle Cathrach na Gaillimhe (CCG) arna bhunú faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú. Toghtar 18 gcomhairleoir chun na Comhairle gach 5 bhliana agus tá an Chomhairle freagrach as seirbhísí a chur ar fáil do 83,500 duine (sonraí na bliana 2022). Déanann údarás áitiúil CCG bainistíocht ar an tríú cathair is mó in Éirinn agus tagann freagracht as na seirbhísí seo a leanas faoi scáth an chúraim a leagtar air. Tá na stiúrthóirí agus na córais eagrúcháin i Halla na Cathrach leagtha amach de réir 6 réimse faoi leith:

1. Forbairt Shóisialta
2. Forbairt Oibriúcháin
3. Forbairt Tionscadail
4. Forbairt Uirbeach
5. Forbairt Corparáide
6. Forbairt Turasóireachta

Tá stiúrthóir i mbun maoirseachta maidir le gach réimse faoi seach agus cúraimí sonracha curtha i leith gach réimse:

I. Forbairt Shóisialta-
   - Seirbhísí Tithíochta & Caipiteal Tithíochta
   - Cothabháil Tithíochta
   - Cóiríocht don Lucht Siúil
   - Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
   - Cuimsiú Sóisialta
   - Seirbhísí d'Úcránaigh
   - Lánpháirtíocht

II. Forbairt Oibriúcháin-
   - Cothabháil ar Bhóithre agus ar Ghnéithe Iompair
   - Seirbhísí Comhshaoil
   - Áineas agus Taitneamhacht
   - Seirbhísí Uisce
   - Ionaid Pobail
   - Seirbhís Chomhroinnte Dóiteáin agus Éigeandála

III. Forbairt Tionscadail-
   - An Oifig Forbartha Tionscadail (OFT) & Forbairt Caipitil
   - Ceannoifig Nua a Fhorbairt
   - Athfhorbairt ar shuíomh Halla na Cathrach
   - Taisteal Gníomhach
   - Forbairt Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
   - Sócmhainní Maoine & Suíomhanna Tréigthe
   - Athrú Aeráide


IV. Forbairt Uirbeach-
   - Cóiriú Áite
   - Pleanáil Chun Cinn
   - Rialáil Forbraíochta
   - Seirbhísí Ailtireachta
   - Forbairt Eacnamaíoch
   - Oidhreacht & Caomhantas
   - OFÁ & Seirbhís Chomhroinnte Leabharlannaíochta

V. Forbairt Corparáide
   - Airgeadas

- Seirbhísí Corparáideacha
- Rialachas Corparáideach
- Cumarsáid & Margaíocht
- Gaeilge
- TFC & Digiteach
- Bunathrú Corparáide
- Bainistíocht Athraithe
- Seirbhísí Tráchtála

VI. Forbairt Turasóireachta-
- Cúrsaí turasóireachta
- Na hEalaíona
- Cúrsaí Cultúir
- An Pobal

Is féidir an réimse tíre a thagann faoi limistéar feidhme CCG a fheiceáil ar an mapa thíos:




Tá trí cinn de thoghcheantair i gceist le CCG, Cathair na Gaillimhe Thoir, Cathair na Gaillimhe Thiar agus Cathair na Gaillimhe Láir. Seisear comhairleoirí a thoghtar i ngach ceann de an toghcheantair. Déanann na Comhairleoirí Méara na Cathrach a thoghadh ar feadh téarma bliana.

Tá dlite ar CCG faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) bunús dlí a bheith le próiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta agus ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta. Leagtar amach an cúram atá ar an gComhairle maidir le sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil i réimsí éagsúla den reachtaíocht. An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú, an bunús is tábhachtaí faoin dlí leis an bpróiseáil.

Leagann CCG barrthábhacht ar shonraí pearsanta a chosaint ó bíonn idir shonraí pearsanta agus shonraí de chatagóirí pearsanta san áireamh leis na sonraí de chuid chustaiméirí agus lucht foirne a bheadh ar coimeád. D'fhéadfadh sárú córais cur isteach ar chustaiméirí agus ar bhaill foirne agus ar chumas CCG seirbhísí a chur ar fáil do phobal Chathair na Gaillimhe.

Deimhníonn CCG go gcuirtear na caighdeáin is airde cosanta i bhfeidhm ar na córais maidir le sonraí custaiméirí agus sonraí pearsanta lucht foirne.

Bíonn gá ag CCG le sonraí pearsanta ó chustaiméirí ionas gur féidir linn seirbhísí a chur ar fáil. Ní dhéantar sonraí seachas an chuid sin amháin a bhfuil gá leo a bhailiú ó chustaiméir agus a phróiseáil. Ligeann sin dúinn cloí le coinníollacha an RGCS maidir le forlaghdú sonraí.

Féachann CCG lena chinntiú go gcloítear go hiomlán leis an RGCS agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go dtí 2018, arna leasú.

Tá de dhualgas ar an uile dhuine den fhoireann cloí le hábhar an pholasaí seo agus beidh cóip den pholasaí á chur ar fáil do gach ball foirne.

## 2. An scóip atá leis an bpolasaí seo

Ar mhaithe le fostaithe, le custaiméirí agus le gach tríú páirtí a dtarlaíonn idirbheartaíocht acu le CCG an polasaí seo. Cuirtear eolas ar fáil faoi na modhanna ina ndéanann CCG sonraí pearsanta a úsáid, a phróiseáil agus a choinneáil agus faoi na modhanna ina gcloíonn CCG leis na coinníollacha faoin RGCS agus faoi na hAchtanna.

Ní mór an polasaí seo a léamh in éineacht le polasaithe eile, leis an ráiteas príobháideachta agus leis an bhfógra príobháideachta. Is cuid den pholasaí seo iad sin ach iad ina gcáipéisí ar leith ag teacht agus ag cur leis an bpolasaí seo.

## 3. An reachtaíocht & an fhaisnéis a bhaineann le hábhar

Leagtar amach an bonn atá faoi CCG faoin dlí san Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle agus an bunús faoin dlí le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta líon mór míreanna éagsúla den reachtaíocht. Déantar tagairt do chuid áirithe acu sin sa pholasaí, tá tuilleadh nach ndéantar.

Is iad an RGCS agus na hAchtanna na príomhchúiseanna atá leis an bpolasaí seo a leagan síos. Déantar tagairt go minic do na rialacháin agus do reachtaíocht na hÉireann maidir le cosaint sonraí síos tríd an bpolasaí. Más mian leat tagairt a dhéanamh d'alt nó do na roinn faoi leith, is féidir iad a aimsiú leis na hipearnaisc thíos:

1. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) – An Téacs Oifigiúil (gdpr-info.eu)

2. An tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (irishstatutebook.ie)

3. An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 (irishstatutebook.ie)

4. An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (irishstatutebook.ie)

## 4. An Reachtaíocht Thánaisteach

Tá ionstraimí reachtúla (I.R.) éagsúla nach móide eolas agat orthu. Baineann siad sin le cúinsí faoi leith agus ní móide go mbeadh feidhm leo i ndáil le CCG mura dtagann na sonraí pearsanta a ndéanann an Chomhairle próiseáil orthu faoi scáth na n-ionstraimí go sonrach.

1. I.R. Uimh. 121/2022 - Na Rialacháin fán Acht um Chosaint Sonraí, 2018 (Modhnú Rochtana) (Sláinte) 2022 (irishstatutebook.ie)

2. I.R. Uimh. 83/1989 - Na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (Modhnú Rochtana) (Obair Shóisialach), 1989 (irishstatutebook.ie)

## 5. Láithreáin Gréasáin Úsáideacha

Seo a leanas láithreáin gréasáin eile a bhféadfadh leas a bheith astu maidir le tuiscint níos furasta ar na rialacháin agus ar na hAchtanna:

1. Faisnéis do Shaoránaigh- Bunleathanach (citizensinformation.ie)

2. An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí- BECS | An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (europa.eu)

## 6. Fiosrúchán, ceisteanna nó comhairle

Más mian leat ceist a chur, fiosrú a dhéanamh nó comhairle a fháil faoin RGCS nó faoi na hAchtanna, is féidir sin a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) CCG ar:

1. Ríomhphost: dpo@galwaycity.ie

2. Guthán: 091-536400

# 7. Na téarmaí tábhachtacha faoin RGCS

## Sonraí pearsanta

Ciallaíonn sonraí pearsanta "aon fhaisnéis a bhaineann le **duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta** ('ábhar sonraí'); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin" (Airteagal 4(1) RGCS).

Seo samplaí de chineálacha sonraí pearsanta:

1. Ainm/sloinne duine

2. Seoladh baile duine.

3. Seoladh ríomhphoist le hainm agus/nó sloinne duine.

4. Uimhir cárta aitheantais e.g., uimhir an chárta maidir le hUimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), ceadúnas tiomána.

5. Sonraí suímh maidir le fón póca.

6. Seoladh IP (Soláthraí Idirlín)

7. Sonraí suímh

Ní liosta lánchuimsitheach an méid sin. Ar mhaithe le samplaí é agus d'fhéadfadh tuilleadh a bheith á gcur leis an liosta de réir mar a tharlaíonn cora nua teicneolaíochta a fhágann go bhfuil gnéithe eile ónar féidir duine beo a aithint.

Más féidir duine beo a aithint le ceann nó aon chuid de na cineálacha samplacha thuasluaite, meastar gur sonraí pearsanta sin.

Is leis an duine beo amháin a bhaineann rialacháin an RGCS agus sonraí pearsanta. Níl feidhm leis maidir le duine atá imithe in éag. Níl feidhm leis ach oiread i ndáil le cuideachta/eintiteas dlíthiúil.

## 8. Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta

Faoin RGCS, tá aicme sonraí pearsanta dá dtugtar cosaint níos géire mar gheall ar chineál na sonraí sin. Seo a leanas na catagóirí speisialta sonraí pearsanta faoi Airteagal 9(1) an RGCS:

1. Sonraí pearsanta lena nochtar bunadh cine nó eitneach.
2. Tuairimí polaitíochta.
3. Tuairimí creidimh nó fealsúnachta
4. Ballraíocht i gceardchumann.
5. Próiseáil ar shonraí géiniteacha agus sonraí bithmhéadracha a phróiseáiltear chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil.
6. Sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le
7. Saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha

Ní mór cúis a bheith ag CCG faoi airteagal 6(1) agus airteagal 9(2) an RGCS le próiseáil a dhéanamh ar na sonraí sin.

# 9. Cúiseanna leis an bpróiseáil

## Airteagal 6(1) RGCS

Ní mór bunús a bheith ag CCG faoi airteagal 6(1) le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta. Leagtar síos in Airteagal 6(1) gur gá critéar acu seo a leanas a shásamh le cúis a bheith ag CCG le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta:

a. tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch sonrach amháin nó níos mó
b. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí nó chun bearta a dhéanamh arna n-iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé conradh;
c. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh
d. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint
e. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;

Baineann na 5 chritéir thuasluaite le CCG. Luaitear, chomh maith leo sin, an 6ú critéir seo a leanas faoi airteagal 6(1) cé nach dtagann an ceann seo i gceist i ndáil le húdaráis phoiblí:

f. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí

Ní bheidh feidhm le ponc (f) sa chéad fho-alt i ndáil le próiseáil a dhéanann údarás poiblí i mbun obair an údaráis a chur i gcrích.

## Airteagal 9(2)

Nuair a bhíonn próiseáil á dhéanamh ar shonraí pearsanta de chatagóir speisialta, tá dlite ar CCG feidhmiú faoi scáth 6(1)(a) go (e) thuas chomh maith le coinníollacha airteagal 9(2) a shásamh. Ní mór dhá chúis le sonraí pearsanta de chatagóir speisialta a phróiseáil faoin RGCS.

Mura bhfuil bunús faoi 6(1)(a) go (e) ag CCG le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta de chatagóir speisialta, ní féidir leis an gComhairle próiseáil den sórt sin a dhéanamh. Sa chás go mbíonn cúis áirithe faoi airteagal 9(2) ach gan aon chúis aimsithe faoi airteagal 6(1)(a) go (e) le próiseáil a dhéanamh ar na sonraí, níl CCG i dteideal próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta de chatagóir speisialta.

Luaitear in Airteagal (9)(2):

Ní bheidh feidhm le mír 1 má tá feidhm le haon cheann acu seo a leanas:

a. thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le críoch sonraithe amháin nó níos mó, seachas i gcás ina bhfuil foráil déanta i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit nach bhféadfaidh an t-ábhar sonraí an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1 a chur i leataobh
b. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáidí an rialaitheora nó an ábhair sonraí a chomhlíonadh agus chun cearta sonracha an rialaitheora nó an ábhair sonraí a fheidhmiú i réimse dhlí na fostaíochta agus na slándála sóisialta agus cosanta sóisialta a mhéid atá údaraithe le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó le comhaontú comhchoiteann de bhun dlí Ballstáit lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí
c. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint, i gcás nach féidir leis an t-ábhar sonraí toiliú a thabhairt go fisiciúil nó go dlíthiúil;
d. déanann fondúireacht, comhlachas nó aon chomhlacht seachbhrabúsach eile an phróiseáil agus é nó í i mbun gníomhaíochtaí dlisteanacha le coimircí iomchuí, ar fondúireacht, comhlachas nó comhlacht é nó í lena mbaineann aidhm pholaitiúil, fhealsúnach, reiligiúnach nó ceardchumannachais, agus ar choinníoll nach mbaineann an phróiseáil ach le comhaltaí nó le hiar-chomhaltaí an chomhlachta nó le daoine a mbíonn teagmháil rialta acu leis an gcomhlacht maidir lena chuspóirí agus ar choinníoll nach nochtar na sonraí pearsanta lasmuigh den chomhlacht sin gan toiliú ó na hábhair sonraí;
e. baineann an phróiseáil le sonraí pearsanta is follas gur chuir an duine is ábhar dóibh ar fáil go poiblí;
f. is gá an phróiseáil a dhéanamh le héilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint nó tráth ar bith a mbíonn na cúirteanna ag gníomhú faoina gcumas breithiúnach;
g. is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna leasa an phobail, ar bhonn dhlí an Aontais nó dlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí a choimirciú;
h. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha leighis choiscthigh nó ceirde, chun measúnú a dhéanamh ar chumas oibre an fhostaí, diagnóis leighis, cúram sláinte nó cóireáil shóisialta a sholáthar nó bainistiú córas nó seirbhísí cúram sláinte nó sóisialta ar bhonn dhlí an Aontais nó ar bhonn dlí Ballstáit nó de bhun conartha ar shínigh ábhar na sonraí le gairmí sláinte é agus faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear i mír 3
i. is gá an phróiseáil a dhéanamh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, amhail cosaint i gcoinne bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte nó chun ardchaighdeáin cáilíochta agus slándála a áirithiú do chúram sláinte agus do tháirgí íocshláinte nó d'fheistí leighis, ar bhonn dhlí an Aontais nó ar bhonn dhlí Ballstáit lena ndéantar foráil do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun go ndéanfar cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, go háirithe an rúndacht ghairmiúil, a choimirciú
j. is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh i

gcomhréir le hAirteagal 89(1) bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit a bheidh ar comhréir leis an aidhm atá á saothrú, a urramóidh éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus a fhorálfaidh do bhearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna an duine is ábhar don na sonraí a choimirciú

Ní móide go bhfuil feidhm le hAirteagal 9(2)(i) maidir le CCG ó tharla nach móide údarás ag CCG próiseáil a dhéanamh ar shonraí faoin airteagal seo.

## 10. Próiseáil

Tarlaíonn próiseáil ar shonraí pearsanta nuair a dhéanann eagraíocht ag a bhfuil sonraí pearsanta faoi dhuine e.g., ainm/sloinne, seoladh agus seoladh ríomhphoist duine etc. na sonraí pearsanta sin a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil, a eagrú, a leagan amach i gcóras, a chóiriú nó a leasú, a aisghabháil, a cheadú, a úsáid, a nochtadh, a scaipeadh nó a chur ar fáil.

Tugtar san áireamh freisin sonraí pearsanta a thabhairt le chéile nó a nascadh, a shrianadh, a léirscrios nó a scrios (Airteagal 4(2) RGCS).

## 11. Láithreán Gréasáin maidir le heolas breise

Cuireann an Coimisiún um Chosaint Sonraí treoir ar fáil maidir leis an mbunús dlí le próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach cliceáil ar an hipearnasc thíos:

Bunús Dlí le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil – Treoirnóta Iomlán.pdf (dataprotection.ie)

# 12. Modhanna ina mbailíonn CCG sonraí pearsanta

Cuireann CCG seirbhísí ar fáil taobh istigh den Chathair agus den limistéar máguaird. D’fhonn cuidiú le CCG na seirbhísí sin a chur ar fáil, bailíonn CCG sonraí pearsanta ar roinnt bealaí éagsúla:

1. Go díreach ón duine féin a chuireann foirmeacha isteach le seirbhísí a thapú e.g. an Clár Cúnaimh Tithíochta (CCT)

2. Iarratas maidir le clár na dtoghthóirí e.g. ainm/sloinne an duine, seoladh, UPSP etc.

3. Iarratas pleanála e.g., ainm/sloinne agus seoladh duine/daoine

4. Sonraí arna gcur ar fáil ag an tríú páirtí e.g. gearán maidir le bainistíocht dramhaíola, gearán ó dhuine faoi ábhar dramhaíola a bheith ar áitreabh na comharsan.

5. Ceamaraí CCTV e.g., déantar sonraí a thaifeadadh agus a stóráil le ceamaraí slándála a bhíonn ar siúl ar áitribh de chuid CCG faoi chustaiméirí a thagann isteach ar an áitreabh agus faoi dhaoine a thugann cuairt ar Mhúsaem Chathair na Gaillimhe.

Seo roinnt samplaí de na modhanna ina dtarlaíonn sonraí pearsanta á mbailiú ag CCG. Ní liosta lánchuimsitheach seo; níl i gceist leis ach aird a tharraingt ar an réimse bealaí ina dtarlódh sonraí pearsanta faoi dhaoine taobh istigh de Chathair na Gaillimhe agus den limistéar máguaird á mbailiú ag CCG.

Tagann sonraí pearsanta chuig CCG freisin ó eagraíochtaí eile:

1. An Garda Síochána (AGS)

2. Na Coimisinéirí Ioncaim.

3. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

4. Tusla.

5. An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC).

6. An Roinn Coimirce Sóisialaí.

7. An Roinn Iompair

Ní liosta lánchuimsitheach seo.

# 13. Cineálacha sonraí pearsanta a ndéanann CCG próiseáil orthu

Seo a leanas roinnt de na cineálacha sonraí pearsanta a bhailíonn CCG agus a ndéanann CCG próiseáil orthu:

1. Ainm agus sloinne
2. Seoladh baile
3. Seoladh ríomhphoist
4. Orduithe cúirte faoin dlí teaghlaigh maidir le caomhnóireacht, rochtain, colscaradh agus idirscaradh breithiúnach
5. Faisnéis airgeadais, cuntais bainc
6. Bunadh eitneach agus cine.
7. Sonraí sláinte agus míchumais.

Is samplaí iad sin thuas de shonraí pearsanta agus de chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a d’fhéadfadh CCG a bhailiú ach tharlódh cineálacha eile sonraí pearsanta ann freisin a bhailítear agus nach bhfuil luaite thuas ó tharla nach liosta lánchuimsitheach sin.

# 14. Na cúiseanna leis na sonraí pearsanta thuas agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhailiú.

Is ar mhaithe le seirbhísí a chur ar fáil do na custaiméirí, agus chuige sin amháin, a bhailíonn CCG sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí speisialta. Ní dhéantar sonraí seachas an chuid sin a bhfuil gá leo leis na seirbhísí a chur ar fáil a bhailiú agus a phróiseáil.

Tá roinnt de na sonraí pearsanta a ndéanfar iad a fhoilsiú agus ar féidir le daoine den phobal teacht orthu. Is féidir iarratas ar chead pleanála a cheadú agus a bhreithniú ach teacht i láthair ag oifigí CCG nó is féidir iarratais ar chead pleanála a bhreathnú ar láithreán gréasáin na comhairle.

Ní dhéanfar próiseáil ar shonraí pearsanta de chatagóirí speisialta ach amháin le cuidiú le fostaithe de chuid CCG seirbhísí a chur ar fáil. Mar shampla, ní mór d’iarratasóir CCT mionsonraí a chur ar fáil faoi chúinsí an teaghlaigh, agus d’fhéadfadh comhaontú maidir le himscaradh, ordú cúirte maidir le rochtain nó sonraí faoi chlaonadh gnéis, sa chás gur lánúin comhghnéis, a bheith san áireamh leis sin. D’fhonn an leibhéal íocaíochta a dhéanfar faoi CCT amháin a bhaintear úsáid as na sonraí sin.

Samplaí iad sin thuas d’fhonn aird a tharraingt ar an dóigh a dtarlaíonn sonraí pearsanta faoi chustaiméirí á mbailiú agus á bpróiseáil ag CCG, ní ceart a mheas gur liosta lánchuimsitheach atá ann.

# 15. Sonraí a aistriú go dtí an tríú páirtí

## Catagóirí speisialta sonraí pearsanta

Ní dhéanfaidh CCG i gcás ar bith sonraí de chatagóirí speisialta a aistriú go dtí an tríú páirtí mura n-éilíonn AGS, Tusla nó comhlacht eile rialtais sin a dhéanamh mar gheall go bhfuil na sonraí sin de dhíth ar an gcomhlacht sin maidir le himscrúdú ar chaimiléireacht nó ar mhíghníomh coiriúil ag ball foirne nó custaiméir de chuid CCG.

Má thagann i gceist go mbeadh sonraí pearsanta de chatagóir speisialta le haistriú, ní foláir do CCG cloí le coinníollacha an RGCS. Faoin RGCS, ní mór do CCG a dheimhniú go bhfuil dhá bhunús faoin dlí le sonraí de chatagóir speisialta a aistriú. Leagtar amach gach bunús dlithiúil in Airteagal 6(1) agus in Airteagal 9(2) de na rialacháin.

Nuair a chuireann custaiméir sonraí pearsanta de chatagóir speisialta ar fáil do CCG, tá dlite ar CCG toiliú an chustaiméara a fháil le breis próiseála a dhéanamh ar na sonraí pearsanta de chatagóir speisialta. Ciallaíonn breis próiseála cás inar cuireadh na sonraí pearsanta de chatagóir speisialta ar fáil chun críche aon chuspóir sonrach amháin agus go bhfuil CCG ag féachaint lena n-úsáid chun críche seachas an chríoch ar chuige a cuireadh na sonraí ar fáil do CCG an chéad uair. Ní foláir do CCG toiliú an chustaiméara a fháil i scríbhinn leis sin. Baineann an coinníoll céanna le sonraí pearsanta de chatagóir speisialta a aistriú chuig an tríú páirtí.

Sa chás go bhfuil an tríú páirtí in úsáid ag CCG le córas digiteach a fhorbairt, ní dhéanfar sonraí pearsanta de chatagóir speisialta a aistriú ach amháin nuair is riachtanach sin maidir leis an gcóras sin a fhorbairt. Déanfaidh an tríú páirtí na sonraí sin a scrios a luaithe a bhíonn an córas curtha le chéile nó nach mbíonn gá níos mó leis na sonraí chun an córas nua a fhorbairt.

# 16. Sonraí pearsanta

Is féidir sonraí pearsanta a aistriú go dtí an tríú páirtí. Ní cheanglaítear ar CCG níos mó ná bunús amháin faoin dlí a bheith ag an gComhairle le sonraí a aistriú go dtí an tríú páirtí. Leagtar an bunús dlí amach in Airteagal 6 na rialachán. Is ceart a thabhairt faoi deara nach féidir le CCG Airteagal 6(1)(f) a lua mar bhunús dlí. Leagtar sin amach i gcuid 9, Cúiseanna leis an bPróiseáil, thuas.

Tá réimse brainsí éagsúla gnó ag CCG. Ní féidir sonraí atá á gcoinneáil ag brainse amháin a aistriú ná le brainse eile próiseáil a dhéanamh orthu gan bunús dlí a bheith leis sin a dhéanamh. Sa chás go ndéantar sonraí a aistriú go hinmheánach, is féidir le CCG iad a aistriú go dtí brainsí eile nuair a thug custaiméir toiliú leis sin a dhéanamh ag CCG. Dá réir sin, ní mór do gach brainse a dheimhniú an bhfuil bunús dlí le sonraí pearsanta a aistriú chuig brainse eile ach má tá aon amhras faoi sin, ba cheart do na brainsí dul i gcomhairle leis an OCS sula ndéantar sonraí a aistriú.

Tá cumhachtaí forfheidhmiúcháin ag CCG. D'fhéadfadh forfheidhmiúchán sibhialta nó forfheidhmiúchán a bheith i gceist. Áirítear le cumhacht forfheidhmiúcháin shibhialta CCG:

(a) Forfheidhmiúchán maidir le cúrsaí pleanála
(b) Fíneáil maidir le cúrsaí bruscair
(c) Forfheidhmiúchán maidir le cúrsaí dramhaíola
(d) Forfheidhmiúchán maidir le cúrsaí dramhaíola

Forfheidhmiúchán maidir le cúrsaí coiriúla

(a) Ólachán poiblí

Sin samplaí de réimsí ina leagtar cumhacht forfheidhmiúcháin ar CCG.

Nuair a bhíonn forfheidhmiú á dhéanamh maidir le pionós coiriúil, tá CCG i dteideal leas a bhaint as Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 arna leasú. Cuirtear an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí 2016/680 (TFD) i bhfeidhm le Cuid 5 d'Acht na bliana 2018. Leagtar amach an bunús dlí le sonraí pearsanta a phróiseáil nuair a bhíonn pionós coiriúil á fhorfheidhmiú ag CCG in Alt 71 Acht na bliana 2018. Is é an bunús dlí le próiseáil faoin TFD go ndéantar é nuair atá gá leis maidir le feidhm rialaitheora a chur i gcrích in ndáil le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú, lena n-áirítear coimirciú a dhéanamh in aghaidh bagairtí don tslándáil phoiblí agus cosc a dhéanamh ar na bagairtí sin, agus pionóis choiriúla a chur i bhfeidhm.

Tá comhairleoirí dlí seachtracha ag CCG. Sa chás gur gá do CCG comhairle dlíodóireachta a fháil, beidh gá sonraí a aistriú chuig na comhairleoirí dlí. Níor cheart a aistriú chuig na comhairleoirí seachtracha dlí  ach na sonraí a bhfuil gá leo maidir le comhairle dlíodóra a chur ar fáil agus tugtar d'údarás faoi Acht na bliana 2018 do CCG na sonraí pearsanta a aistriú gan gá le toiliú ón ábhar sonraí.

## 17. Aistriú taobh amuigh den LEE

Ní aistreoidh CCG sonraí pearsanta ná sonraí pearsanta de chatagóirí speisialta taobh amuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

Ó tá an tAontas Eorpach fágtha ag an Ríocht Aontaithe, níl sin san LEE níos mó. Dá thoradh sin, ní féidir sonraí pearsanta ná sonraí pearsanta de chatagóirí speisialta a aistriú go dtí an Ríocht Aontaithe.

## 18. Tíortha nach tíortha den LEE iad agus Stóráil Sonraí

Is féidir sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta de chatagóirí speisialta a aistriú faoin RGCS. An tAontas Eorpach a leag amach an nós imeachta ina leith seo. Éilítear faoi pholasaí CCG gur san LEE is gá na sonraí pearsanta uilig agus na sonraí pearsanta de chatagóirí speisialta uilig a stóráil agus nach ndéantar aistriú ar bith go dtí tír nach tír de chuid an LEE.  Is mian le CCG, ina dhiaidh sin féin, na custaiméirí a chur ar an eolas faoi na coinníollacha a bhainfeadh le sonraí dá gcuid a aistriú go tír nach tír de chuid an LEE.

Dá mbeadh comhlacht Meiriceánach ag cur seirbhísí ar fáil do CCG, níor mhór don chomhlacht sin a dhearbhú go gcloítear leis na caighdeáin maidir le cosaint sonraí a leagtar síos san RGCS. Ní mór Clásail Chaighdeánacha Conartha (CCC) san áireamh mar chuid d'aon chomhaontú i ndáil le próiseáil sonraí nó babhtáil sonraí. Comhlachtaí de chuid na hEorpa a leag amach na clásail seo agus beidh ceangailte iad a bheith mar chuid d'aon chomhaontú den sórt sin a nasctar le cuideachta as tír nach tír de chuid an LEE.

Is féidir leis an Aontas Eorpach freisin a dheimhniú go bhfuil tír faoi leith ag teacht leis an RGCS. Mar shampla, tá deimhnithe go bhfuil an Bhreatain ag teacht leis an RGCS. Nuair a cheanglaítear comhaontú maidir le babhtáil sonraí nó próiseáil sonraí le cuideachta as an mBreatain, d'fhéadfadh gur gá CCC a lua mar chuid d'aon chomhaontú a cheanglaítear le cuideachta as an mBreatain.

Is iad na critéir thuas na critéir a bhaineann le stóráil sonraí agus le haistriú sonraí go tír nach tír de chuid an LEE iad faoi láthair. Déanfar, sa chás go dtagann aon athrú, an polasaí a leasú ionas go dtugtar athruithe dá sórt san áireamh.

# 19. Cearta an Ábhair Sonraí teacht ar Shonraí

Tá cearta éagsúla, mar seo a leanas, ag custaiméir faoin RGCS:

(a) An ceart teacht ar shonraí (Airteagal 15)

(b) An ceart a bheith ar an eolas (Airteagail 13 & 14)

(c) An ceart chun ceartúcháin (Airteagal 16)

(d) An ceart go ndéanfaí léirscriosadh (an ceart ligean i ndearmad) (Airteagal 17)

(e) An ceart srianadh a chur le próiseáil (Airteagal 18)

(f) An ceart chun iniomparthacht sonraí (Airteagal 20)

(g) An ceart agóid a dhéanamh (Airteagal 21)

(h) An ceart toiliú a tharraingt siar (Airteagal 7)

(i) Cearta i ndáil le cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú (Airteagal 22)

(j) An ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (Airteagal 77).

## 20. An Ceart Teacht ar do chuid Sonraí Pearsanta

Tá custaiméir i dteideal iarratas ó ábhar sonraí (IÁS) a chur faoi bhráid CCG ar bhealaí éagsúla. Tá tréimhse 30 lá ag CCG le próiseáil a dhéanamh ar an iarratas ach, má tá an obair casta agus toirtiúil, is féidir síneadh suas le 60 lá breise a chur leis an tréimhse próiseála. Leagtar amach mioneolas i bpolasaí IÁS CCG faoi na modhanna inar féidir leat iarratas a dhéanamh faoi do chuid sonraí pearsanta.

## An ceart a bheith ar an eolas

Tá de cheart ag custaiméir a bheith ar an eolas faoina ndéanann CCG le sonraí pearsanta agus faoi na modhanna ina ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta an chustaiméara. Leagtar amach faisnéis faoin gceart a bheith ar an eolas i bpolasaí IÁS CCG.

## Ceartúchán/Cruinneas Sonraí

Tá ceangailte ar CCG déanamh de réir Airteagal 16 RGCS. Má tharlaíonn faisnéis mhíchruinn ag CCG, tá de cheart agat iarratas maidir le ceartúchán a chur faoi bhráid. Tá mioneolas breise ar fáil i bpolasaí ceartúcháin CCG.

## Léirscriosadh/An Ceart Ligean i nDearmad

Faoin RGCS, tá custaiméir i dteideal iarratas a dhéanamh go ndéanfaí sonraí pearsanta a léirscriosadh. Is féidir iarratas maidir le sonraí pearsanta a léirscriosadh a chur faoi bhráid CCG. Tá breis eolais maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le hiarratas sonraí a léirscriosadh ar fáil ach an Polasaí maidir le Léirscriosadh/An Ceart Ligean i nDearmad a léamh.

## An ceart chun iniomparthacht sonraí

Beidh de cheart ag ábhar sonraí na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a fháil, ar sonraí iad a chuir sé nó sí ar fáil do rialaitheoir, agus an méid sin i bhformáid atá struchtúrtha agus a úsáidtear go coiteann agus atá inléite ag meaisín agus ba cheart a cheadú don ábhar sonraí é a tharchur chuig rialaitheoir eile gan bhacainn ón rialaitheoir.

## An ceart agóid a dhéanamh

Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí agóid a dhéanamh, ar fhorais a bhaineann lena staid leithleach féin, ag am ar bith, i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi féin agus é arna bhunú ar phointe (e) nó ar phointe (f) d'Airteagal 6(1), lena n-áirítear próifíliú bunaithe ar na forálacha sin

## An ceart toiliú a tharraingt siar

Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú a tharraingt siar aon am is mian leis nó léi. Má tharraingítear siar toiliú ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a tugadh sular tarraingíodh siar é.

## Cearta i ndáil le cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú

Ní bhaineann CCG úsáid as cinnteoireacht uathoibrithe agus ní dhéantar próifíliú ar na custaiméirí. Níl feidhm leis an airteagal maidir leis an bpolasaí seo.

## An Ceart Gearán a dhéanamh

Tá de cheart ag ábhar sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (CCS) i ndáil leis an RGCS. Is féidir gearán a dhéanamh i scríbhinn nó tríd an tairseach ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Leagtar amach mioneolas thíos:

An Coimisiún um Chosaint Sonraí, 21 Cearnóg Mhic Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 RD28

info@dataprotection.ie

www.dataprotection.ie - An Coimisiún um Chosaint Sonraí

+353 (0)761 104 800

+353 (0)57 868 4800

Sin iad na bunphrionsabail maidir le cearta i ndáil le cosaint sonraí faoin RGCS. Nuair a bhítear ag féachaint leis na cearta a fheidhmiú i ndáil le custaiméir, ní foláir do CCG a chinntiú go sásaítear critéir faoi na rialacháin sula ndéantar na cearta a fhorfheidhmiú. Ní mór do CCG na cearta seo agus na cearta atá ag páirtithe eile a thabhairt ar an gcothrom.

Sa chás nach bhforfheidhmíonn CCG na cearta seo, is féidir le custaiméir/ball foirne gearán a dhéanamh leis an CCS.

# Tréimhsí Coinneála/Laghdú Sonraí

Tagann tréimhsí coinneála maidir le taifid faoi scáth mhíreanna éagsúla den reachtaíocht. Tá scarbhileog chuimsitheach curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) i ndáil le sonraí de chineálacha éagsúla a bheadh á gcoinneáil ag CCG.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an GBRÁ faoi láthair ar na tréimhsí/sceidil coinneála agus d’fhéadfadh athrú a theacht ar na tréimhsí coinneála go gairid.

Beidh feidhm leis na sceidil coinneála seo de chuig an GBRÁ i ndáil le sonraí neamhphearsanta agus sa chás go mbíonn sonraí pearsanta á gcoinneáil ag CCG, ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá.

# Sárú coinníollacha maidir le sonraí

Tá dlite ar CCG tuairisc faoi aon sárú córais maidir le sonraí a thabhairt don CCS taobh istigh de 72 uair a chloig ó fhaightear fógra faoin gcás. Tugtar an deireadh seachtaine nó lá

saoire bainc san áireamh leis an tréimhse ama sin. Má tharlaíonn sárú, is ceart sin a chur in iúl don OCS gan mhoill. A luaithe a thuigtear do bhall foirne gur tharla sárú maidir le cúrsaí sonraí, is ceart an bainisteoir líne agus an OCS a chur ar an eolas ar an bpointe.

Tá polasaí maidir le cásanna sáraithe ar fáil agus treoir níos mine ansin faoi na bearta atá le déanamh i ndáil le cás dá shórt. Is féidir an polasaí a cheadú anseo (cuirtear isteach hipearnasc).

# 21. Ócáidí agus Imeachtaí

Nuair a bhíonn ócáidí agus imeachtaí á n-eagrú ag CCG, ní mór a chur in iúl dóibh siúd a thagann i láthair go mbeidh grianghraif á dtógáil ag grianghrafadóir agus go dtarlódh iad sin a fhoilsiú ar láithreán gréasáin nó ar chuntais meán sóisialta na Comhairle agus/nó ar nuachtán áitiúil nó náisiúnta. Ba cheart a thabhairt le fios san fhógra a thugtar go bhfuil de cheart ag daoine a thagann i láthair nach dtógfaí grianghraf díobh agus is féidir agóid a dhéanamh in aghaidh ghrianghraf a fhoilsiú ar láithreán gréasáin nó ar chuntais meán sóisialta na Comhairle agus/nó ar nuachtán áitiúil nó náisiúnta.

Is féidir le Comhairleoir áitiúil leas a bhaint as na hócáidí sin freisin agus as grianghraif a chuirtear suas ar láithreán gréasáin nó ar chuntais meán sóisialta CCG. Sa chás go ndéanann Comhairleoir sin, is leis an gComhairleoir seachas le CCG is ceart agóid a dhéanamh ina leith.

Leagtar amach comhartha sampla le húsáid ag ócáidí in Aguisín 1 thíos.

## 22. Leanaí a fhreastalaíonn Ócáidí nó Imeachtaí de chuid CCG

Nuair a eagraíonn CCG ócáid, ní mór foirmeacha toilteanais a fháil roimh ré ó thuismitheoirí maidir le grianghraf a thógáil de leanaí nó taifeadadh físeáin a dhéanamh agus leanbh sa láthair. Sa chás nach bhfuil foirm toilteanais sínithe ag tuismitheoir(í) nó caomhnóir linbh, ní féidir an grianghraf ná físeán a fhoilsiú ar láithreán gréasáin ná ar ardáin mheán sóisialta na Comhairle. Baineann sin le haon leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois. Leagtar amach foirm toilteanais shamplach in Aguisín 2 thíos.

Sula dtarlódh foilsiú ar láithreán gréasáin nó ar ardán meán sóisialta de chuid na Comhairle, éileoidh CCG síniú thuismitheoirí le foirmeacha toilteanais i ndáil le haon leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Sa chás go mbíonn úsáid á bhaint as áiseanna de chuid CCG ag eagraíocht tríú páirtí nó eagraíocht mar sin ag féachaint le grianghraif nó ábhar físeáin a fhoilsiú, agus ionadaithe de chuid CCG i láthair, ní mór teachtaireacht ríomhphoist a chur ar fáil lena ndeimhnítear go bhfuil toiliú na dtuismitheoirí faighte.

## 23. Daoine fásta faoi mhíchumas

Faoin Acht nua um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015, sa chás nach bhfuil ar dhuine fásta cinneadh a dhéanamh mar gheall ar mhíchumas nó ar néaltrú nó ar dheacracht leis an tsláinte meabhrach agus go bhfuil duine ainmnithe a chuidíonn leo maidir le cinntí, is féidir le Cinnteoir Cuidithe iarratas a dhéanamh thar ceann an duine sin. Iarrfaidh CCG cruthúnas go bhfuil an cinnteoir ceaptha mar is ceart i mbun an chúraim.

Sa chás go ndéantar iarratas thar ceann duine a thagann faoi scáth Acht na bliana 2015 agus go mbíonn CCG ag iarraidh sonraí pearsanta ón duine, ní mór a chur in iúl do CCG go bhfuil toiliú le fáil ón duine agus ón gcinnteoir (na cinnteoirí) cuidithe. Leagtar amach foirm toilteanais shamplach in Aguisín 3.

Má bhíonn CCG den tuairim nach chun leasa an ábhair sonraí atá an Cinnteoir Cuidithe ag feidhmiú, diúltófar don iarratas agus is féidir leis an duine agus leis an gcinnteoir cuidithe achomharc maidir leis an diúltú sin a dhéanamh leis an OCS.

# 24. Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí seo agus má tharlaíonn athrú ar bith, déanfar an polasaí a leasú agus sin a chur in iúl don lucht foirne agus don phobal.

Déanfaidh an OCS athbhreithniú ar an bpolasaí tráth nach deireanaí ná mí Meitheamh 2025. Ní mór aon leasú a thabhairt i gcrích faoi mhí na Samhna 2025. Ní foláir leasú ar bith ar an bpolasaí seo a thabhairt chun críche faoi mhí na Nollag 2025 ionas gur féidir an polasaí a fhoilsiú lá oibre i mí Eanáir 2026.

Aguisín 1


Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council
Scannánaíocht ar Siúl
Seachain an limistéar seo mura mian leat a bheith i láthair ar an gceamara.
REC

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

REC

# Tógfar Grianghraif agus Físeáin ag an Ócáid Seo

Is féidir na híomhánna seo a roinnt leis na meáin; postáilte ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ar ardáin meán sóisialta; agus san áireamh i mbileoga fógraíochta agus i bhfoilseacháin, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla, nuachtlitreacha agus tuarascálacha do ghníomhaireachtaí maoinithe.

**Más fearr leat gan do ghrianghraf a thógáil, cuir sin in iúl don fhoireann/don ghrianghrafadóir roimh ré.**

Stórálfar na híomhánna/na meáin go sábháilte agus go slán trí úsáid a bhaint as bearta teicniúla iomchuí.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Grianghrafadóir-eacht ar siúl

Seachain an limistéar seo mura mian leat a bheith i láthair ar an gceamara.

# Aguisín 2(a)

# Foirm Toilteanais le Grianghrafadóireacht/ Meáin Chumarsáide (Daoine Fásta)

Imeacht: ______________________________

Dáta: ______________________________

Áit: ______________________________

Iarrann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Éire Ildánach toiliú maidir le grianghraif/ físeáin de dhaoine a úsáid ar mhaithe le cúrsaí caidrimh poiblí.

*Cén úsáid a bhainfear as na grianghraif/físeáin seo?*
Cineálacha úsáide is iondúil a bhaint as íomhánna/ físeáin:

- Teachtaireachtaí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar na meáin shóisialta faoin ócáid/ tionscadal, nó faoi obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe;
- Cuid de scéal nuachta nó de phreasráiteas a fhoilsítear faoin ócáid/ tionscadal ar www.GalwayCity.ie;
- Cuid de thuairisc ar obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe - mar shampla, tuairisc mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle; tuairisc do ghníomhaireacht cistíochta nó monatóireachta; nó tuarascáil bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- D'fhéadfadh gur mhian le Éire Ildánach úsáid a bhaint as d'ainm, d'íomhá nó físeán ina bhfuil tú le feiceáil maidir le cúrsaí cartlannaíochta nó caidrimh phoiblí lena n-áirítear úsáid ar láithreán gréasáin oifigiúil de chuid an Rialtais, tuarascáil, na meáin chumarsáide agus/nó cainéal de chuid na meán sóisialta.

*An bhféadaim Toiliú a Tharraingt Siar Tráth is Faide Anonn?*
Má tharlaíonn gur mian leat, lá is faide anonn, toiliú a tharraingt siar, is féidir sin a dhéanamh trí ghlaoch ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar 091 536 400 nó scríobh chuig communications@galwaycity.ie, agus/nó chuig Éire Ildánach ag creativeireland@tcagsm.gov.ie.

## Toiliú

Deimhnímse (priontáil d'ainm) ______________________________, go bhfuilim ar a laghad 18 mbliana d'aois. Tuigim na cuspóirí a leagtar amach thuas, agus toilím leis an úsáid seo a leanas as mo chuid sonraí pearsanta agus as íomhánna díom:

☐ Tugaimse **do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** gach ceart úsáid a bhaint as na híomhánna a thagann de thoradh ar an ngrianghrafadóireacht/scannánaíocht físeáin, agus as atáirgeadh nó athchóiriú ar na híomhánna ar mhaithe le poiblíocht.

☐ Toilím le **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** m'ainm agus mo shloinne a fhoilsiú le físeán/ grianghraif a tógadh inniu.

☐ Toilím le bailiú agus le húsáid na n-íomhánna seo ag **Éire Ildánach** ar mhaithe le cúrsaí cartlannaíochta nó caidrimh phoiblí.

☐ Toilím le **Éire Ildánach** m'ainm agus mo shloinne a fhoilsiú le físeán/ grianghraif a tógadh inniu.

Síniú: ___________________________________

Dáta: ____________________________

*Is féidir Polasaí Príobháideachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhreathnú ag www.galwaycity.ie/privacy-policy*

*Tá Polasaí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le Cosaint Sonraí ar fáil ar www.gov.ie/en/organisation-information/5c605-data-protection/*

# Aguisín 2(b)

# Foirm Toilteanais le Grianghrafadóireacht/ Meáin Chumarsáide maidir le Leanaí

Imeacht: ______________________________________________

Dáta: ______________________________________________

Áit: ______________________________________________

Iarrann Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Éire Ildánach toiliú tuismitheora/ caomhnóra le húsáid as grianghraif/ físeáin ina bhfuil leanaí le feiceáil ar mhaithe le cúrsaí poiblíochta.

*Cén úsáid a bhainfear as na grianghraif/físeáin seo?*
Cineálacha úsáide is iondúil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe/ Éire Ildánach a bhaint as íomhánna/ físeáin:

- Teachtaireachtaí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe/ Éire Ildánach ar na meáin shóisialta faoin ócáid/ tionscadal, nó faoi obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe;
- Cuid de scéal nuachta nó de phreasráiteas a fhoilsítear faoin ócáid/ tionscadal ar www.galwaycity.ie;
- Cuid de thuairisc ar obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe - mar shampla, tuairisc mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle; tuairisc do ghníomhaireacht cistíochta nó monatóireachta; nó tuarascáil bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- D'fhéadfadh gur mhian le Éire Ildánach úsáid a bhaint as d'ainm, d'íomhá nó físeán ina bhfuil tú le feiceáil maidir le cúrsaí cartlannaíochta nó caidrimh phoiblí lena n-áirítear úsáid ar láithreán gréasáin oifigiúil de chuid an Rialtais, tuarascáil, na meáin chumarsáide agus/nó cainéal de chuid na meán sóisialta.

*An bhféadaim Toiliú a Tharraingt Siar Tráth is Faide Anonn?*

Má tharlaíonn gur mian leat, lá is faide anonn, toiliú a tharraingt siar, is féidir sin a dhéanamh trí ghlaoch ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar 091 536 400 nó scríobh chuig communications@galwaycity.ie agus/nó chuig Éire Ildánach ag creativeireland@tcagsm.gov.ie.

## Toiliú

Tuigimse (priontáil d'ainm) ______________________________, na cuspóirí a leagtar amach thuas, agus toilím thar ceann an linbh(na leanaí) leis an úsáid seo a leanas as sonraí pearsanta agus íomhánna:

☐ Tugaimse **do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** gach ceart úsáid a bhaint as na híomhánna a thagann de thoradh ar an ngrianghrafadóireacht/scannánaíocht físeáin, agus as atáirgeadh nó athchóiriú ar na híomhánna ar mhaithe le poiblíocht.

☐ Toilím le foilsiú ainm agus sloinne an linbh(na leanaí) seo liom ag **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** le físeán/ grianghraif a tógadh inniu.

☐ Toilím le bailiú agus le húsáid na n-íomhánna seo ag **Éire Ildánach** ar mhaithe le cúrsaí cartlannaíochta nó caidrimh phoiblí.

☐ Toilím le **Éire Ildánach** ainm agus sloinne an linbh(na leanaí) seo liom a fhoilsiú le físeán/ grianghraif a tógadh inniu.

Ainm an Linbh (priontáil le do thoil): ___________________________-___________________________

Ainm an Linbh (priontáil le do thoil): __________________________-____________________________

Ainm an Linbh (priontáil le do thoil): ___________________________-___________________________

Ainm an Linbh (priontáil le do thoil): ___________________________-___________________________

Síniú an Tuismitheora/ an Chaomhnóra: ___________________________-_________________________

Gaol leis an Leanbh(na Leanaí) i.e. tuismitheoir/ caomhnóir ___________________________-_________

Uimhir Teileafóin an Tuismitheora/ an Chaomhnóra: ___________________________-_________

Seoladh ríomhphoist an Tuismitheora/ an Chaomhnóra (priontáil le do thoil): ____________________________________

*Is féidir Polasaí Príobháideachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhreathnú ag www.galwaycity.ie/privacy-policy*

*Tá Polasaí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le Cosaint Sonraí ar fáil ar www.gov.ie/en/organisation-information/5c605-data-protection*

Aguisín 2 (c)

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme

# Toilteanas le Grianghrafadóireacht/ Meáin Chumarsáide faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas)

Imeacht: ____________________

Dáta: ____________________

Áit: ____________________

Iarrann Comhairle Cathrach na Gaillimhe toiliú duine fásta agus chinnteoir Cinnteoireachta Cuidithe le bheith le feiceáil i ngrianghraif/ i bhfíseáin a úsáidfear ar mhaithe le cúrsaí poiblíochta.

*Cén úsáid a bhainfear as na grianghraif/físeáin seo?*
Cineálacha úsáide is iondúil le Comhairle Cathrach na Gaillimhe/ Éire Ildánach a bhaint as íomhánna/ físeáin:

- Teachtaireachtaí de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar na meáin shóisialta faoin ócáid/ tionscadal, nó faoi obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe;
- Cuid de scéal nuachta nó de phreasráiteas a fhoilsítear faoin ócáid/ tionscadal ar www.galwaycity.ie;
- Cuid de thuairisc ar obair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe - mar shampla, tuairisc mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh don Chomhairle; tuairisc do ghníomhaireacht cistíochta nó monatóireachta; nó tuarascáil bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- D’fhéadfadh gur mhian le CCG úsáid a bhaint as d’ainm, d’íomhá nó físeán ina bhfuil tú le feiceáil maidir le cúrsaí cartlannaíochta nó caidrimh phoiblí lena n-áirítear úsáid ar láithreán gréasáin oifigiúil de chuid an Rialtais, tuarascáil, na meáin chumarsáide agus/nó cainéal de chuid na meán sóisialta.

*An bhféadaim Toiliú a Tharraingt Siar Tráth is Faide Anonn?*

Má tharlaíonn gur mian leat, lá is faide anonn, toiliú a tharraingt siar, is féidir sin a dhéanamh trí ghlaoch ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar 91 536 400 nó scríobh chuig communications@galwaycity.ie

## Toiliú

Tuigimse (priontáil d'ainm) ___________________________, na cuspóirí a leagtar amach thuas, agus toilím thar ceann an linbh(na leanaí) leis an úsáid seo a leanas as sonraí pearsanta agus íomhánna:

☐ Tugaimse **do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe** gach ceart úsáid a bhaint as na híomhánna a thagann de thoradh ar an ngrianghrafadóireacht/scannánaíocht físeáin, agus as atáirgeadh nó athchóiriú ar na híomhánna ar mhaithe le poiblíocht.

☐ Toilím le **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** ainm agus sloinne an linbh(na leanaí) seo liom a fhoilsiú le físeán/ grianghraif a tógadh inniu.

☐ Toilím le bailiú agus le húsáid na n-íomhánna seo ag **Éire Ildánach** ar mhaithe le cúrsaí cartlannaíochta nó caidrimh phoiblí.

☐ Toilím le **Éire Ildánach** ainm agus sloinne an linbh(na leanaí) seo liom a fhoilsiú le físeán/ grianghraif a tógadh inniu.

Ainm an Duine Fásta (priontáil le do thoil): ________________________-
________________________

Ainm an Chinnteoir Cinnteoireachta Cuidithe (priontáil le do thoil):
__________________________________

Ainm an Chinnteoir Cinnteoireachta Cuidithe (priontáil le do thoil):
___________________________________

Síniú an Duine Fásta: ________________________________________________

Cinnteoir Cinnteoireachta Cuidithe 1: ________________________________________

Cinnteoir Cinnteoireachta Cuidithe 2: ________________________________________

Uimhir Teileafóin an Chinnteoir(na gCinnteoirí) Cinnteoireachta Cuidithe:
_________________________________

Seoladh ríomhphoist an Chinnteoir(na gCinnteoirí) Cinnteoireachta Cuidithe (priontáil le do thoil): _________________________________

*Is féidir Polasaí Príobháideachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bhreathnú ag www.galwaycity.ie/privacy-policy*

Leagan 1.2 Eanáir 2025